

# Slua ar thoir Pobail<sup>3</sup>

Bunaíodh gluaiseacht na Gaeilge ní mar mhaithe le teanga ach mar mhaithe le daoine. Ní athbheochan teanga bhí i gceist ar an gcéad dul síos ach athbheochan daoine.

Bé príomhchuspóir Chonradh na Gaeilge ná pobal, is é sin, *comhlúadar pearsan*, a dhéanamh as slua daoine diffréamhaithe ná raibh seilbh acu ar a n-intinní ná a n-anamacha féin. I súile an Chonartha bí teanga shinsearach an tslua seo an gléas ba chumhachtaí chun pobal a dhéanamh as arís. "Arís," adeirim, mar ba phobal é an slua seo uair amháin go dtí gur thit a fhoraísh shóisialta as a chéile agus go ndearnadh fophrólatáireacht de, in anam is i gcorp, faoi bhrú cumhachtchórais Londan agus a choilínéachtaí in Éirinn.

Bé dóchas an Chonartha don bpobal nua Gaelach seo go dtarraingeodh sé chuige féin na pobail choilínéacha in Éirinn nach raibh an Ghaeilge mar theanga shinsearach acu; is é sin, go dtabharfadh sé cinnireacht dóibh lena nglacfaidís agus go ndéanfaí pobal nó "náisiún" Éireannach ar an dóigh sin. Ach i dtús báire, b'éigean an pobal nua Gaelach a chruthú.

Anois, nil ach aon tstí amháin ann chun pobal de chineál nua a dhéanamh as líon áirithe daoine. Ní mór *pobal eithneach* den gcineál nua a chruthú ina measc ar dtús. Is mar sin a rinneadh pobal briste le cultúr Sasanach (nó Albanach) de na Gaeil ón Meánaois i leith. Bunaíodh pobal eithneach le cultúr Sasanach sa bPáil, agus fophobail eithneacha eile, a bhí ag brath ar an bPáil, i ngach ceantar faoi seach ar fud na hÉireann. De réir mar near-taigh ar an bPáil agus gur leathnaigh a réim chultúrtha i gCúige Laighean, bhí réim chultúrtha na bhfophobail eithneach (ar chathracha agus bailte móra an chuid ba mhó acu) ag leathnú ina gceantair féin. Rud eile dhe, ní mór don bpobal eithneach bheith ar thús na haoise maidir le sibhialtacht, rud ab fhíor i gcás na Páile agus na bhfophobail uirbeach a bhí ag brath uirthi.

Ar ndóigh is féidir leis an bpobal eithneach dhá aidhm éagsúla bheith aige i leith an daonra is mian leis a athrú: briseadh air agus slua faoi smacht a dhéanamh de, nó é a mhealladh chun páirteachais leis féin i gcomhshaol níos fearr. Bhí an chéad aidhm ag an bPáil. An dara aidhm a bheadh ag an bpobal eithneach a shíolródh ó Chonradh na Gaeilge: bheadh sé de mhian aige an slua díghaelaithe, diffréamhaithe ina ionnláine a tháthú leis féin mar aon phobal amháin.

B'shin an treo ina raibh bunmhian an Chonartha dirithe sna blianta tos-aigh; ach bhí an mhian sin dall ar an ngníomh coincreíteach a bheadh le déanamh. Theastaigh pobal nua ón gConradh; theastaigh *pobal* uaidh in áit slua indibhidi diffréamhaithe; agus ba thoil leis go mbeadh an Ghaeilge mar theanga ag an bpobal seo *toisc go mb'i ab fhearr d'athbheodh na hiar-Ghaeil bhriste trina nascadh lena chéile agus lena bhfréamacha ba dhúchasai*

<sup>3</sup>Inniu 14 Márta.

*sa stair.* Níl athbheochan daoine ach trí phobal. Ní pobal go nascadh le chéile is go fréamhú sa stair. Bhí mianta an Chonartha maidir le pobal nua agus maidir le hathbheochan na Gaeilge aontaithe ar an mbealach seo ina phríomhchuspóir: athbheochan daoine briste. Ach níor aithin an Conradh go mb'éigean, mar chéadchéim chuige sin, Gaelphobal eithneach ar thús na haoise a chruthú sa slua difhréamhaithe.

Bhí cúiseanna éagsúla leis seo. Mar shampla, ní raibh bá ag an gConradh leis an aois seo agus shíl sé go mb'éigean sárú uirthi trí chasad i dtreo aoise eile san aimsir a bhí chaite. Níor theastaigh uaidh sárú ar an aois trí dhul ar a tús i dtreo aoise eile sa todhchaí. Bhí an Conradh, amhail mhórán gluaiseachtaí eile sa tréimhse sin, friothuirbeach agus i bhfábhar na tuaithe. Dá bharr seo go léir, b'fhurasta dó a shamhlú (rud a shamhlaigh sé) go raibh an Gaelphobal eithneach i láthair cheana féin i lucht tuaithe na Gaeltachta agus sna sinsir Ghaelacha. Dá réir sin, níor ghá don slua indibhidí difréamhaithe ach an Ghaeilge a fhoghlaím agus iad féin a "aontú" ar shlite áirithe samhaltacha leis an "bhfiarbheatha" seo chun go mbeadh an pobal nua ann.

Ach bé an phríomhchúis nár aithin an Conradh an gníomh coincréiteach sóisialta a bhí le déanamh aige i dtús báire ná easpa ama. Sar a raibh am ag gluaiseacht na Gaeilge teacht trí smaointeoirreacht mhiotasach agus fháth-rúndá a tréimhse tosaigh go dtí an smaointeoirreacht choincréiteach, tarrain-giodh isteach i ngluaiseacht de shaghas eile ar fad í — gluaiseacht nach raibh pobal nua mar phríomhchuspóir aici ach *cumhacht*.

Bhí an gluaiseacht eile seo ann tamall maith roimh an gConradh. Tugadh "Irish Nationalism" ar an gcuid sin di a shlog an Conradh, ach bhí sí níos mó, i bhfad níos mó, ná sin. Bí, agus is í, gluaiseacht mhór na haoise í. Is cirte fós a rá gurb í Gluaiseacht na haoise í *tout court*: el Movimiento, le Mouvement, die Bewegung. Santaíonn sí cumhacht mar iarann maighnéad. Toisc gurb í An Ghlúaiseacht i tá sí i láthair agus chun tosaigh i ngach gluaiseacht éifeachtach nó mór le rá san aois: impiriúlachas, náisiúnachas, forbairt eacnamaíochta, cumannachas, ceardchumannachas. Cearta na hIndibhíde, "freedom of expression" agus mar sin de.

Is é thugann fuinneamh di ná toil chomhchoitianta neamhdhaoine difhréamhaithe chun cumhachta agus breis chumhachta ar son na cumhachta féin agus an ghradaim a théann léi. Is é a ndóchas fioréadóchasach go mbeidh siad "sábháilte" ach cumhacht nó breis chumhachta polaitiúla nó airgeadúla a bhaint amach nó cumhacht dosháraithe a fháil ar intinní agus anamacha. Is é a gcreideamh piseogach (agus creideamh *cuid éigin* de gach duine againn, ós leanaí den aois sinn) gur leor Rialtas, Airgead agus an Dearcadh Ceart chun gach olc dá bhfuil ann a chur ar ceal agus an bheatha chóir, shábháilte (Ghaelach, má's mian leat) a bhunú.

Bhí an ceart ag an gConradh gur phobal a bhí de dhíth ar an slua difhréamhaithe thar gach rud eile — pobal dúchasach ina ndéanfaí daoine de.

I bhfoclóir an Chonartha chiallaigh "náisiún" pobal, mar a chiallaigh sé sa Meánaois agus ar feadh tréimhse ina diaidh. Ach i bhfoclóir an náisiúnachas stáit sin a bhain úsáid as an gConradh agus ar ghéill an Conradh dó, chiallaigh "náisiún" rud i bhfad níos lú ná pobal. Chiallaigh sé slua indibhidí ag feidhmiú mar shaoránaigh is mar shaothraitheoirí faoi cheannas a gcumhacht stáit féin. B'shin an chiall a bhí faighte ag an bhfocal ó Réabhlóid na Fraince i leith. Is ffor gur theastaigh ón náisiúnachas seo, mar a theastaigh ón gConradh, daoine briste a athbheochan; ach ní trí pobal a dhéanamh den slua ach trí cumhacht a bhaint amach don lón indibhidí a chomhdhéan é.

Bhí bealach tarrthála an Chonartha níos réabhlóidí agus níos bunúsáí ná bealach an phlódnáisiúnachais. Níl beatha fhíordhaonna agus níl sásamh don gcroí dhaonna in éagmias phobail. Ach bhí bealach an phlódnáisiúnachais, agus an charnadh rachmhais a lean é, níos éasca. Tá sé níos éasca (don slua nó don indibhid) cumhacht nó breis chumhacta a bhaint amach ná pobal a chruthú.

Níl mé ag rá go raibh sé mífhortúnach gur bhaineamar stát Éireannach amach nó gur tubaist duínn sna blianta deireanacha seo bheith ag déanamh mórán airgid. Tá mé ag rá go raibh agus go bhfuil sé tubaisteach nár chloigh gluaiseacht na Gaeilge leis an meon a bhí aici i dtús báire, nuair bhí sí ag seasamh go neamhspleách ar a boinn féin, a súile ag breathnú anoir ar iarhar na hÉireann agus é mar phriomhchuspóir aici freastal ar an slua trí phobal fréamhaithe, dúchasach a dhéanamh de.

*Dá mba rud é nár thréig gluaiseacht na Gaeilge an meon sin, bheadh dhá ghluaiseacht láidre, agus iad in iomaiocht lena chéile sa tir seo againne inniu, in ionad aon Ghluaiseachta amháin. Bheadh gluaiseacht na Gaeilge — an ghluaiseacht chun pobail agus comaoineachta — ag maolú ionsaí friothshóisialta na gluaiseachta chun lomchumhachta agus ag baint feidhme as torthai ábhartha na gluaiseachta sin chun Gaelphobal eithneach ar thús na haoise a chruthú thiar. Ní bheimis fós gan an chéad chéim seo in athbheochan na Gaeilge tugtha agaínn.*

Ní bheadh Gaeilgeoirí, ar aon dul leis an N.I.E.C., ag tabhairt "ceanntair iargúltá" ar chósta thiar na hÉireann. Ba chroilár an domhain dóibh é mar bá don gConradh. Ar nós muintir na Breataine san naoú céad déag, nuair d'fhorbair siadsan Lancashire, Learpholl agus Glaschú, bheadh tugtha acu faoi ndeara go mbreathnaíonn cósta thiar na n-oileán seo i dtreo domhain mhóir na haoise seo. Bheadh teannas iomaiochta ann idir Iarthar agus Oirthear na hÉireann agus croí an phobail nua Éireannaigh thiar.

Ní bheadh gluaiseacht na teanga ar nós cuma léi i dtaobh an réabtha is an scaipthe atá á ndéanamh gan staonadh ar chomhluadar fréamhaithe — ar chomaoineacht daonna — faoin dtuaith agus i lár na gcathracha. D'aithneodh sí sa scaipeadh seo seanobair an impiriúlachais agus an chaipitleachais Shasanaigh ar siúl fós faoi réim Éireannach. Bheadh sí ag troid ar son na Liberties i mBaile Átha Cliath agus ar son pharóistí tuaithe na gceantar cúngá,

toisc gurb é an comhluadar fréamhaithe, stairiúil an gníomh daonna is luach-mhaire dá bhfuil ann agus an stuif as a ndéantar pobail agus pobal.

Bheadh fhios ag aGeilgeoirí nach féidir teanga a athbheochan ach trí phobal agus mar gheall ar pobal a chruthú a bunaíodh gluaiseacht na teanga.

Ní bheadh gluaiseacht na Gaeilge, amhail Eaglais Stáit san seachtú céad déag, ag brath ar chumhacht agus údarás Rialtais na tíre chun a soiscéal a chur i bhfeidhm. Bheadh sí, amhail Eaglais Chaitliceach na hÉireann inniu agus riamh, ag seasamh ar a boinn féin imeasc na ndaoine — ag brath orthu go direach, ag freastal orthu agus ag fónamh dá ndaonnacht gach lá.

Ní bheadh Gaeilgeoirí ag moladh ar nós Chromaill go ndífhréamhfaí na comaoineachtaí thiar agus go gcuirfi na daoine seo áit éigin eile.

Ní ar shagairt agus iriseoirí Béarla a smaoineodh daoine nuair a chloisfeadh siad na focail "Save the West!" ach ar ghluaiseacht na Gaeilge, toisc go mbí a bheadh i dtosach na hoibre seo. (Smaoinigh: *tá an Ghaeltacht san Iarthar agus bhi i gcónai!*)

Ní bheadh teanga iomlán nua ann i dtaobh athdhéanamh pobail agus muintearais nach bhfuil Gaeilge curtha fós uirthi toisc gan suim bheith ag Gaeilgeoirí sna cúrsáí seo: *Win the West, rural renewal, regional government, the parish council movement, co-operative industry, the building of community, liturgical renewal, participatory democracy, the renewal of the church.*

A chairde, tá an aois nua i bhfolach sa teanga sin agus sa smaointeoir-eacht atá taobh thiar di. Má ghaelaímid an smaoineamh seo agus má chuirímid i bhfeidhm í in Iarchonnachta, labharfaimid teanga na haoise nua go húdarásach ar fud na hÉireann.

Níor chuir an choitiantacht suim riamh i dteanga mar theanga. Cuireann gnáthdhaoine suim i dteanga agus glacann chuchu féin í mar theanga laethúil, nuair a fheiceann siad *saol ar siúl sa teanga sin gur* mhian leo bheith páirteach ann. De bharr an tsaoil sin, nó de bharr na hiomhá a fheiceann siad den saol sin, is ea a chuireann siad suim sa teanga sin gur pas iontrála don saol í. (Smaoinigh ar ár sinsir agus ar mhuintir na Gaeltachta inniu ag iompó dóibh go Béarla).

Cuirimis saol ar fáil in Iarchonnachta — íomhá tharraingteach, mhealltach — a shantós slua difhréamhaithe na linne seo. Leathnóidh an saol sin uaidh féin ansin, agus an Ghaeilge mar chuid de.